



Cé hiad na CTRanna?

Réimsí Foghlama:

An Domhan Thart Orainn – Tíreolaíocht
Matamaitic agus Uimhearthacht
Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Cuspóirí Foghlama

Tá muid ag foghlaim faoi:

- léarscáileanna a úsáid le gnéithe den cheantar áitiúil a shainiú;
- sonraí a bhailiú, a thaispeáint agus a léirmhíniú; agus
- tuiscint a fháil ar an dóigh a dtig linn agus lenár CTRanna bheith ag cuidiú sa phobal.

Riachtanais Reachtúla

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, cuideoidh sin leis na riachtanais reachtúla a leanas a chomhlíonadh:

An Domhan Thart Orainn – Tíreolaíocht

Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

Snáithe a Trí: Áit

- dóigheanna a n-imríonn áiteanna tionchar ar nádúr na beatha; agus
- gnéithe d'áiteanna agus éagsúlachtaí iontu, lena n-áirítear fisiceach, daonna, aeráid, fásra agus ainmhithe.

Matamaitic agus Uimhearthacht

Ba chóir go gcuirfeadh múinteoirí ar chumas na bpáistí faisnéis, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

Láimhseáil Sonraí

- leathanach bailithe sonraí a dhearadh agus a úsáid; na torthaí a léirmhíniú, eolas a iontráil i mbunachar sonraí nó ar scarbhileog, agus na torthaí a cheistiú agus a léirmhíniú; agus
- sonraí a bhailiú, a rangú, a thaifeadadh agus a chur i láthair ó réimse suíomh suntasach ag úsáid graf, táblaí, léaráidí agus bogearraí TFC; agus
- obair s'acu a mhíniú ó bhéal agus/nó trí scríbhneoireacht agus tátail a bhaint as sonraí.





Forbairt Phearsanta agus Comhthuisicint

Ba chóir go gcuirfeadh múinteoirí ar chumas na bpáistí faisnéis, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

Snáithe a Dó: Comhthuisicint sa Phobal Áitiúil agus sa Mhórphobal

- Ról gníomhach bríoch a ghlacadh i saol an phobail agus suim a chur sa mhórtimpeallacht.

Téama 9*: Foghlaim bheith i do bhall de phobal

- bheith eolach ar an tábhacht atá le cinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht, agus ar na hinstitiúidí a thacaíonn leo ar bhonn áitiúil; agus
- bheith eolach ar réimse na bpost agus na hoibre a dhéanann daoine éagsúla.

* Is féidir [Personal Development and Mutual Understanding Progression Grid](#) [Eochairchéim 2] a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.

Cé hiad na cTRanna?

Léarscáil na dToghcheantar



- | | | | | | |
|--------------------|------------------------|-----------------------------------|--------------------|-----------------------|------------------------|
| ● Aontroim Thoir | ● Béal Feirste Thoir | ● Béal Feirste Thiar | ● An Feabhal | ● An tÚr & Ard Mhacha | ● Loch Cuan |
| ● Aontroim Thuaidh | ● Béal Feirste Thuaidh | ● Doire Thoir | ● Gleann an Lagáin | ● An Dún Thuaidh | ● An Bhanna Uachtarach |
| ● Aontroim Theas | ● Béal Feirste Theas | ● Fear Manach / Tír Eoghain Theas | ● Lár Uladh | ● An Dún Theas | ● Tír Eoghain Thiar |





Scileanna Traschuraclaim & Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga, beidh an deis ann na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Bainistiú Eolais	<p>Agus iad ag baint úsáid as léarscáileanna le gnéithe den cheantar áitiúil a shainaithint agus le heolas a bhailiú ar líne faoina dtoghcheantar, ba chóir deis a bheith ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none">• na modhanna is fóirsteanáí le haghaidh taisc a roghnú; agus• réimse modhanna a úsáid le heolas a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur i láthair.
Smaointeoireacht, Fadhbriteach agus Cainteoireacht	<p>Agus iad ag fáil amach cé hiad na CTRanna áitiúla agus ag cinneadh ar réimse ceisteanna le cur, ba chóir deis a bheith ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none">• seicheamh, cur in ord, rangú agus comparáidí a dhéanamh; agus• cineálacha éagsúla ceisteanna a úsáid.
Úsáid TFC	<p>Agus iad ag úsáid áiseanna ar líne le heolas a bhailiú faoina dtoghcheantar agus pacáistí fóirsteanacha bogearraí in úsáid acu lena léirmhíniú, ba chóir deis a bheith ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none">• faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaofa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde; agus• smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú go freagrach agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu, agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.





Achoimre

Taispeánann Léarscáil na dToghcheantar dar teideal Cé hiad na CTRanna? na hocht dtoghcheantar déag a bhaineann le toghcháin Thionól Thuaisceart Éireann. Is féidir grianghraif den 5 CTR a dhéanann ionadaíocht do thoghcheantar áirithe a thaispeáint ach brú ar an cheantar sin.

Sa Gníomhaíocht Tosaigh, cuirtear léarscáileanna a gcuid ceantair féin i láthair na bpáistí. Baineann siad úsáid as na léarscáileanna le gnéithe éagsúla dá bpobal a fhiosrú agus a phlé.

Sna Gníomhaíochtaí Eile, cuireann na páistí sceitse den toghcheantar leis na sonraí a bhailigh siad le linn na Gníomhaíochta ar Líne. Fiosraíonn siad obair an CTR agus an dóigh a dtig leo féin baint níos mó a bheith acu le mórcheisteanna a théann i bhfeidhm ar an phobal.

Gníomhaíocht Tosaigh

Bain úsáid as Léarscáileanna Idirghníomhacha de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Thuaisceart Éireann atá ar fáil ar LearningNI (LNI) nó ar Google Maps le léarscáileanna a gcuid ceantair féin a chur i láthair na bpáistí. Iarr ar na páistí na rudaí a fheiceann siad ar na léarscáileanna a phlé, mar shampla an tuath agus gnéithe nádúrtha ar nós aibhneacha, nó pobail a bhfuil sainchomharthaí de dhéantús an duine iontu ar nós scoileanna nó ospidéal. Déan comparáid idir na dóigheanna a mbaintear úsáid as siombailí le gnéithe sna haerghrianghraif a léiriú.

Tabhair léarscáil chlóite den cheantar áitiúil do gach páiste. Iarr orthu na rudaí seo a aimsiú agus a mharcáil:

- áiteanna don phobal, mar shampla an scoil, na tithe pobail agus saoráidí poiblí;
- sainchomharthaí áitiúla agus gnéithe ar bith eile a bhaineann go saineúil leis an tírdhreach sa cheantar;
- ceantair uirbeacha; agus
- ceantair thuithe.

Pléigh na gnéithe den cheantar áitiúil ar éirigh leis na páistí iad a aimsiú ar an léarscáil:

- Cad iad na siombailí a úsáidtear le háiteanna inspéise a mharcáil?
- Cad iad na gnéithe nach bhfuil le fáil áit ar bith ach ina bpobal féin?
- Cad é atá fíor faoin cheantar áitiúil: tá sé uirbeach go príomha, tuathúil go príomha nó meascán den dá rud atá ann?

Bain úsáid as samplaí na bpáistí leis an dóigh a bhfuil an tírdhreach áitiúil difriúil ón tírdhreach in áiteanna eile a léiriú. Bunaithe ar a n-aiseolas ar dháileadh an daonra, an síleann na páistí gur mó an spéis atá ag an phobal ina gceantar féin i mórcheisteanna uirbeacha nó i mórcheisteanna tuaithe? Mar shampla, an bhfuil sé níos dóchúla go ndéanfaidh siad teagmháil le CTR le cuidiú a fháil maidir le ceist talmhaíochta nó le ceist forbartha uirbí? B'fhéidir gur meascán den dá rud a bheadh ann?

Focail agus Frásaí Úra

Comhalta den Tionól Reachtach (CTR) – Toghtar 90 polaiteoir i dTuaisceart Éireann ina gComhaltaí den Tionól Reachtach (CTRanna). Is é an obair atá acu a bheith ag obair ar ár son agus dlíthe agus cinntí a dhéanamh a chuirfidh feabhas ar Thuaisceart Éireann dóibh siúd a chónaíonn ann.





Gníomhaíocht Ar Líne

Taispeáin ar an chlár bhán Léarscáil na dToghcheantar ón rannán **Bunscolaíocht > Cé hiad na CTRanna?** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thuaisceart Éireann.

Leis an ghníomhaíocht a úsáid:

- cuir an cúrsóir thar ainm an toghcheantair le go bhfeicfidh tú cá háit a bhfuil sé ar an léarscáil;
- brúigh ar toghcheantar le hamharc ar ghrianghraif de na CTRanna a dhéanann ionadaíocht don cheantar sin; agus
- brúigh ar an chnaipe 'e' le hamharc ar eolas agus ar threoracha.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar chineálacha éagsúla léarscáileanna a bhfuil cur amach acu orthu nó ar bhain siad úsáid astu, mar shampla léarscáil taisce, léarscáil i gcluiche ríomhaire nó léarscáil de pháirc shiamsaíochta théama amhail Disneyland. B'fhéidir go bhfaca siad léarscáil de stáisiúin na dtraenacha faoi thalamh i Londain, léarscáil de bhealaí na mbusanna ar scáthlán bus, nó léarscáil a léiríonn leagan amach d'ionad siopadóireachta?

Is féidir léarscáileanna a úsáid le cineálacha éagsúla eolais a thaispeáint. Sa chás seo, taispeánann an léarscáil:

- na 18 gceantar ina roinntear Tuaisceart Éireann do thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann; agus
- grianghraif de na 5 CTR a dhéanann ionadaíocht i gceantar nó toghcheantar ar leith.

Focail agus Frásaí Úra

Toghcheantar – Nuair a bhíonn toghchán ann, roinntear Tuaisceart Éireann ina 18 gceantar ar a dtugtar toghcheantair. Déantar cúigear CTRanna a thoghadh i ngach toghcheantar. Má iolraíonn tú 18 x 5, faigheann tú 90. Is é sin líon iomlán na CTRanna.

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a bhaint úsáid as an léarscáil idirghníomhach leis na rudaí seo a leanas a aimsiú agus a thaifeadh:

- an t-ainm a thugtar ar a dtoghcheantar féin;
- ainmneacha na 5 CTRanna a dhéanann ionadaíocht dá dtoghcheantar; agus
- ainm an pháirtí ar leith a ndéanann gach ceann de na CTRanna ionadaíocht dó.

Iarr ar na páistí plean a dhéanamh maidir leis an dóigh a ndéanfaidh siad an fhaisnéis seo a thaifeadh. Thiocfadh leo, mar shampla, Ainm CTR agus Páirtí CTR a roghnú mar cheannteidil cholúin agus úsáid a bhaint as bogearraí TFC le tábla a chruthú. Ba chóir ainm an toghcheantair a bheith mar chuid de theideal an tábla. Thiocfadh leo an fhaisnéis a bailíodh a léiriú mar ghraf le miondealú na bpáirtithe polaitiúla ina dtoghcheantar a thaispeáint. Ba chóir lipéid áiseanna agus teideal a bheith ar an ghraf agus ba chóir pacáiste fóirsteanach graif TFC a úsáid lena dhéanamh.

Nuair a bheidh cinneadh déanta ag na páistí maidir leis na modhanna a bheidh in úsáid acu, ba chóir dóibh na sonraí a bhailiú ó Léarscáil na dToghcheantar agus iad a léiriú. Ar deireadh, iarr orthu sonraí teagmhála an CTR atá roghnaithe acu a aimsiú ar phríomhshuíomh gréasáin Thionól Thuaisceart Éireann ag:

<http://www.niassembly.gov.uk/>

Má chónaíonn na páistí in aice le teorainn toghcheantair nó mura bhfuil a fhios acu cén toghcheantar ina gcónaíonn siad, tá cuidiú le fáil ón uirlis phostchóid ar an tsuíomh gréasáin WIMPS lena dtoghcheantar a aimsiú: <http://wimps.tv/>





Gníomhaíocht Ghaolmhar

Tá áiseanna ilmheán eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ghníomhaíocht seo sa rannán **Bunscolaíocht** ar shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#):

Cé a Dhéanann na Cinntí?

Foghlaim níos mó faoi na cinntí a bhfuil Tionól Thuaisceart Éireann freagrach astu sa phobal áitiúil inniu.

An Dóigh a nDéantar Dlí

Amharc ar Charlie Bot agus Zoe Bot le foghlaim faoi na céimeanna éagsúla sa phróiseas le dlí a dhéanamh a bhfuil baint ag CTRanna leo ag Tionól Thuaisceart Éireann.

Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte

Déan an turas thart ar Fhoirgnimh na Parlaiminte lena fháil amach cad é a tharlaíonn sna trí phríomhréimse gnó.

Gníomhaíochtaí Eile

Iarr ar na páistí an fhaisnéis a bhailigh siad le linn na Gníomhaíochta Ar Líne a insint don rang. Ba chóir dóibh míniú a thabhairt ar an dóigh ar bhailigh siad na sonraí agus ar chuir siad i láthair iad. Iarr orthu tátail a bhaint as a gcuid oibre, an páirtí is mó nó an páirtí is lú ina dtoghcheantar a lua, mar shampla.

Gníomhaíocht 1

Déan achoimre ar an fhaisnéis a d'aimsigh na páistí ó léarscáileanna an cheantair áitiúil sa Gníomhaíocht Tosaigh. Iarr orthu anois léarscáil an toghcheantair a sceitseáil le treoir ó Léarscáil na dToghcheantar sa rannán Bunscolaíocht de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#).

Ba chóir an léarscáil a rinne siad a chur leis na sonraí atá bailithe acu cheana féin faoin toghcheantar. Luaigh leis na páistí na siombailí a úsáideadh do shainchomharthaí ar na léarscáileanna ar amharc siad orthu níos luaithe. Iarr orthu trí íocón a dhearadh le cur ar léarscáil an toghcheantair mar shiombailí don cheantar, mar shampla:

- sainchomharthaí cáiliúla, amhail craenacha Harland agus Wolff i mBéal Feirste;
- táirgí a bhfuil cáil ar an cheantar astu, potaireacht Bhéal Leice, mar shampla; agus
- éachtaí spóirt nó éachtaí i réimsí eile.

Ba chóir dóibh fosta, ainmneacha na mbailte agus na sráidbhailte atá ar eolas acu a mharcáil uirthi. Má tá grianghraif fhóirsteanacha acu, thiocfadh leo a méid a athrú le bogearraí eagarthóireachta grianghraf agus iad a chur ar an léarscáil/timpeall uirthi mar aithris ar an rogha Photos in Google Maps.

Áis Foghlama Ghaolmhar

Dúshlán na Léarscáile ar leathanach 15 den Aonad Théamach: Muintearas, Thiocfadh le Bheith ann agus Bheith Páirteach fad a chur le Gníomhaíocht 1. Agus an eangach in úsáid acu, dearfaidh na páistí a léarscáil agus a gceisteanna le tástáil a dhéanamh ar eolas a gcomhpháirtí ar chomhordanáidí.

Is féidir an leabhrán [Muintearas](#) a íoslódáil ó na hAonaid Téamacha Bliain 5 ar shuíomh gréasáin CCEA.





Gníomhaíocht 2

Ó tharla go bhfuil ainmneacha na 5 CTRanna atá mar ionadaithe dá dtoghcheantar ar eolas ag na páistí anois, thiofadh leo cuireadh a thabhairt do CTR áitiúil cuairt a thabhairt orthu le labhairt leo faoin obair a bhíonn ar siúl aige nó aici. Thig leo úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála a ndearna siad taighde orthu ar phríomhshuíomh gréasáin Thionól Thuaisceart Éireann ag: <http://www.niassembly.gov.uk/> le teagmháil a dhéanamh lena MLA, nó le comhrá beo a réachtáil trí shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#).

Le hullmhú don chuairt ba cheart don rang:

- fáil amach faoi na saincheistanna a bhfuil CTR freagrach astu sa phobal áitiúil; agus
- smaoinemh ar cheistanna le cur ar an CTR faoina bhfuil i gceist leis an phost.

Thig le páistí úsáid a bhaint as an ghníomhaíocht Cé a Dhéanann na Cinntí? sa rannán **Bunscolaíocht** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) mar chuidiú leis na mórcheistanna a bhfuil CTR freagrach astu sa phobal áitiúil a fhiosrú. An mbaineann ceann ar bith de na mórcheistanna sin leis na páistí ina gceantar féin? Má chuireann na páistí ceist faoin mhórchéist sin, d'fhéadfadh an CTR atá ar cuairt moltaí a thabhairt faoin dóigh a dtiocfadh leis nó léi cuidiú a thabhairt.

I ndiaidh Cé a Dhéanann na Cinntí? a chríochnú, pléigh na ceistanna ba mhaith leis na páistí a chur ar an CTR. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm acu ceistanna a chur le tuilleadh eolais a fháil faoi obair na CTRanna agus faoin dóigh a gcuidíonn siad leis an phobal. Thig le straitéisí amhail Tonnadóir Smaointe* cuidiú leis na páistí a gceistanna a chur in ord tosaíochta. Nuair atá machnamh déanta acu ar a gcuid ceistanna agus nuair atá siad curtha in ord tosaíochta acu, iarr ar an rang liosta deiridh ceistanna a chur le chéile le cur ar an CTR a bheidh ar cuairt.

D'fhéadfaí na ceistanna a leanas a chur:

- Cad é an ról atá ag CTR ag Tionól Thuaisceart Éireann?
- Cad é an cineál dlíthe atá déanta agat?
- Cad é mar atá an ceaintín ag Foirgnimh na Parlaiminte?
- An maith leat do phost?
- Cad é an rud is mó/is lú a thaitin leat as measc na rudaí a bhí le déanamh agat?
- Cad é an ról atá ag CTR sa phobal?
- Cad é mar is féidir le duine a bheith ina CTR?

Ba chóir do na páistí smaoinemh fosta ar cheistanna faoi rud ar bith a bhfuil siad buartha faoi ina bpobal féin, mar shampla cruálacht i leith ainmhithe nó bearta moillithe tráchta. Ba chóir dóibh iad seo a phlé leis an CTR, agus an deis a thapú leis na rudaí seo a leanas a fhiosrú:

- Cad é is féidir leis an CTR a dhéanamh le cuidiú a thabhairt?
- Cad é is féidir leis na páistí a dhéanamh mar bhaill den phobal le cuidiú a thabhairt?

Le dul siar ar an méid a d'fhoghlaim siad, iarr ar an CTR atá ar cuairt dúshlán iarchuairte a thabhairt do na páistí. Thiofadh leis na páistí:

- leathanach gréasáin, póstaer nó alt nuachta ar líne a chruthú le haird a tharraingt ar mhórchéist atá pléite acu;
- feachtas nó achainí a eagrú nó litir a scríobh lena gcuid tuairimí ar an ábhar sin a chur in iúl; nó
- na tuairimí atá acu a chur in iúl do Choiste Tionóil atá ag fiosrú topaic a bhfuil suim acu féin inti, mar shampla comhairlí scoile.

* Is féidir an leabhrán [Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Ghníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2](#) a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.

